

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

背広

鼓動に

触れて

愛しき者の

写真一枚

身につける。



Cad is brí leis sin? Seapáinis atá ann. Don duine nach bhfuil Seapáinis aige, níl ciall ar bith leis. Fiú amháin dá mbeadh a fhios aige cad iad na fuaimeanna atá le léamh ansin, ní thuigfeadh. An dtuigfeadh dá gcuirfí Gaeilge air? Dán le Mariko Sumikura (すみくらまりこ) é sin, agus chuir Gabriel Rosenstock an Ghaeilge seo leanas air:

Culaith Ghnó

Gar do bhuille
an chroí,
tugaim liom
grianghraf aonair
dem rúnsearc

Tá físeán le Gabriel á léamh, agus ceol le Derek Ball leis, ar YouTube againn (tá ceann eile dá gcuid ann freisin - agus gheofá Séamus Barra Ó Súilleabháin ar YouTube chomh maith, mar fhile sráide). Ceol, dán agus fiú físeán diamhair i ngach ceann acu. (Má leanann tú *An Gael* ar Facebook, chonaic tú iad, is dócha).

Haidhcú, nó haiku (litriú an Bhéarla), nó filíocht faoina scáth sin, atá sa dán thuas agus i ndánta an-ghonta eile mar é, agus bíonn tuiscint dhifriúil ina leithéid ar cad is brí ann. Tugtar páirt níos mó don léitheoir - agus eolas níos lú. Nóiméad, áit, rud, séasúir - píosa beatha suntasach a bhíonn ann. Ní mínítear iad mar a mhínítear a lán rudaí eile.

Tá samplaí go leor againn den tsaghas dáin seo san eagrán seo, buíochas le Gabriel agus a chairde ar fud an domhain, agus le hEoin Dunford, sean-chara na hirise seo, a thug cead dom Gaeilge a

chur ar roinnt dá chuid a scríobh sé as Béarla (agus ceann acu as Fraincis). An dtuigfear iad? An aithneofá go dtuigeann tú? An mbíonn gá le míniúchán chun rud a thuiscint?

Tá leabhar le Gabriel inar chuir sé Gaeilge ar roinnt dánta de chuid Kala Ramesh (agus ní ionann sise agus an fear K. Ramesh, a bhfuil leabhar eile de chuid GR dírithe air!), agus tá Haiku agus Haibun ann. Haibun is ea scéal a bhfuil haiku aige - ach ní mhíníonn an scéal an haiku. Tugann sé saghas comhthéacs dó. Feidhmíonn siad i lámh a chéile. Ach ní gá gur fiú ar an ábhar céanna iad. An-suimiúil ar fad. An mbíonn brí difriúil le rud mar gheall ar a bhfuil ina thimpeall - leis na rudaí in eagrán áirithe d'iris, mar shampla?

Deirtear in iarfhocal an leabhar K. Ramesh go “[m]Bíonn níos mó ná léamh amháin ar haiku. Fágtar gan teideal iad mar go gcúngódh sé sin iad. Fágtar oscailte iad. Ní bhíonn lánstad ag an deireadh mar níl an focal deiridh ráite. Ní bheidh go deo.”

Le tamall anuas, táim ag léamh litríocht atá deacair agus uaireanta bíonn sruth chomhfheasa i gceist ar nós Joyce nó Woolf nó Faulkner. Maraon lena leithéid sin, bhíos ag léamh Lewis Carroll - a chuid raiméise go háirithe (agus leis an méid sin, scéalta agus dánta diamhair neamhchoitianta casta rúnda éiginnte doiléire). Ó am go chéile baintear feidhm as nósanna na n-údar seo fós. Bhíodh a leithéid an-fhaiseanta beagnach céad bliain ó shin. Ach tá siad an-nua-aimseartha ar fad fós, nó sin mar a cheaptar. Má dhéantar aon mhachnamh orthu.

Gan ceangal ar bith eatarthu go minic a luaitear áiteanna agus daoine agus tréimhsí ama agus ábhair, agus fágtar faoin léitheoir cocaireacht a dhéanamh ina intinn féin as na comhábhair sin agus b'fhéidir i ndeireadh na dála bíonn pióg agat, má leantar ar aghaidh sa scéal, nó seans go mbeidh pióg i do phus agat sa scéal, nó scéal in aghaidh pióige. Má dhéantar aon mhachnamh orthu.

Cad é an difear idir Joyce, Faulkner agus Carroll? Ceart!

Cosúil le nósanna Zen, imríonn údair mar iad ar imeall na céille. Ciglíonn Carroll ár n-intinn is ár gcluasa i slí spráúil, le héigiall ina cuspóir aige. Sruth smaointe gan srian a bhíonn ag údair eile a ritheann ó rud go chéile ach ina measc bítear ag súil go bhfaightear grabhróga éigin arb fhéidir linn gaoth na céille a chrochadh orthu más féidir a leithéid sin a rá in aon chor gan stad gan staonadh gan phoncaíocht go dtí an bponc seo. Ar nós seo.

Agus sin an rud.

Bímid ag iarraidh ciall a bhaint as an saol seo, agus ní bhíonn sé éasca in aon chor. Is fearr linn nuair a bhíonn struchtúr agus cúinsí agus teorannacha ann ach is minic nach [sic!]. Spraoi no frustrachas nó an dá rud? Sin an rud. Rún na céille nó ciall an rúin. Rúndiamhair. An dtuigtear níos mó nuair a thuigtear níos lú? Má dhéantar aon mhachnamh orthu.

Foighne. Dóchas. Muinín. Ach an mbíonn siad tuillte? Sin rud.

Cathain, mar sin, a éirimid bréan de? Braitheann sin ar an duine, agus a thaithí ar a leithéid. An-chosúil le galar intinne nó le mí-úsáid drugaí na nósanna seo, uaireanta. Cad a bhí siad ag caitheamh, sin an cheist is coitianta i ndiaidh ábhar aisteach mar seo a léamh. Ach toisc nach coitianta nós smaointe mar an sruth chomhfheasa, bíonn sé ina rud nua, fiú más ann dó le céad bliain.

Níl sé go maith bheith i gcónaí ar do shuaimhneas. Ní hamhlaidh atá an saol. Cuireann sin eagla agus imní orainn. Ach ar nós eagla faoi rollchóstóra nó scannáin. Táimid ar fónamh. Nó an bhfuilimid? Ceapaimid uile go bhfuilimid ag dul as ár meabhair uaireanta. Chun sin a dhéanamh d'aon ghnó, sin caitheamh aimsire. As ár meabhair,

lasmuigh dár meabhair, as meabhair duine eile - aistear gan drugaí (táthar ag súil). Ní scaoiltear gach snaidhm. Agus mar is eol don Ghael go háirithe, ní bhíonn ceann ag gach téad.

Chonaic mé scannán faoin mbuíon ceoil *The Doors* tráth. Chuir duine ceist ar Ray Manzarek agus Jim Morrison ag fiafraigh díobh cad ba chuspóir acu lena gcuid ceoil. “Chun mearbhall a chur ar dhaoine,” a d'fhreagair siad. B'amlaidh le Bob Dylan agus uaireanta na Beatles (*I am the Walrus*), minic go leor, déarfainn. Bíonn liricí dá leithéid ann fós, minic go leor (agus déantar aithris ar a gcuid amhrán...). Ar imeall na céille. Rámhaille geilte nó eagna saoi? Go minic, is deacair iad a aithint óna chéille! Ach taitníonn na leath-smaointe seo linn mar gheall ar a n-athshondas, an rian fo-chomhfhiosach, b'fhéidir, a fhágann siad ina ndiaidh. Corraíonn siad uiscí ár n-intinne.

Eitlímid inár n-intinn isteach i saolta eile san fhicsean. Go háirithe san fhicsean eolaíochta, mar an scéal (script scannáin is ea é - an chéad cheann dá leithéid i gcló againn) san eagrán seo le Colin Ryan. Dúshlán dár gcuid samhlaíochta is ea é. Saol nach ionann leis an saol seo. Agus tá dánta dúshlánacha de chuid Colin againn chomh maith. Ó mhór-roinn eile - an Astráil. Tá ábhar ó cheithre de na seacht mór-roinn san iris seo le tamall anuas. Ní haon dóithín sin!

Ar ais san Eoraip (nach ionann leis an bhfíor-Eoraip, go díreach), leantar ar aghaidh i Moloopa, san úrscéal le Panu Höglund, freisin. Dála an scéil, tá leabhar eile úr-nua i gcló ag Panu, *An tSlaivéin*. Guíonn *An Gael* gach rath air!

Bíonn idir dhúshlánach agus éadrom againn san iris seo. I ngach eagrán, de ghnáth. Táthar ag súil go bhfuil cúpla rud ann do gach duine, agus go mbainfear triall as ábhar difriúil, freisin. Dúshlán do dhuine amháin, ní hamhlaidh gur dúshlán don duine eile é. Is fearr le gach duine a rogha féin. Ach is breá an deis a bhíonn ann chun roghanna eile a sholáthair, freisin. Is iomaí rás a ritear. Agus ar an ábhar sin, tá cur síos againn ó Ghearóid Ó Laoi ar shaol na cos-rásaíochta. Sin rud níos éadroime faoi dhaoine atá éadrom ar a gcosa, gan dabht! Agus breis air sin, mar is iondúil. Bíodh píosaí beatha agat, a léitheoir ghil. ‘Sé do bheatha.